Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**11055/25**

**FIN 800**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Meitheamh 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 373 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>ar an obair leantach maidir leis an urscaoileadh don bhliain airgeadais 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 373 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 373 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.6.2025
COM(2025) 373 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**ar an obair leantach maidir leis an urscaoileadh don bhliain airgeadais 2023**

GA GA

**TUARASCÁIL AR AN OBAIR LEANTACH AR NA HIARRATAÍ A RINNE PARLAIMINT NA HEORPA INA RÚIN MAIDIR LE HURSCAOILEADH AGUS A RINNE AN CHOMHAIRLE INA MOLADH MAIDIR LE HURSCAOILEADH DON BHLIAIN AIRGEADAIS 2023**

# Inneachar


1. Réamhrá ... 1

2. Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ... 2

3. Feidhmíocht bhuiséad an Aontais agus tionchar STA ... 7

4. Trédhearcacht chistiú an Aontais ... 8

5. Gníomhaíochtaí iasachtaíochta an Choimisiúin agus acmhainní dílse nua ... 9

6. Gealltanais bhuiséadacha le híoc – *reste à liquider* (RAL) agus bearta chun dlús a chur le cur chun feidhme chistí an Aontais ... 10

7. Ag féachaint chun cinn ... 11


## 1. Réamhrá

In 2023, i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, na géarchéime fuinnimh, tubaistí nádúrtha agus suaitheadh eacnamaíoch, bhí buiséad an Aontais fós ina fhoinse cobhsaíochta, athléimneachta agus infheistíochtaí straitéiseacha ar mhaithe le pobal na hEorpa, feirmeoirí, taighdeoirí, gnólachtaí agus réigiúin ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin.

An 7 Bealtaine 2025, agus moladh ón gComhairle á chur san áireamh, chinn Parlaimint na hEorpa **urscaoileadh a dheonú don Choimisiún as buiséad an Aontais a chur chun feidhme in 2023**. Sna moltaí ón gComhairle agus sa rún ó Pharlaimint na hEorpa, tá iarrataí níos ginearálta agus moltaí sonracha don Choimisiún maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais.

Sa an tuarascáil seo ar an obair leantach ar iarrataí urscaoileadh 2023 déantar achoimre ar na gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún mar fhreagairt ar an dá ní seo a leanas: (i) iarrataí arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa sa roinn 'tosaíochtaí polaitiúla' dá rún um urscaoileadh[1]; agus (ii) na príomhiarrataí a rinne an Chomhairle ina moladh maidir leis an urscaoileadh[2]. Tá an tuarascáil mar chuid de Thuairisciú Airgeadais agus Cuntasachta Comhtháite an Choimisiúin. Sa ráithe dheireanach de 2025, eiseoidh an Coimisiún tuarascáil eile, ar tuarascáil níos mionsonraithe í, ina dtabharfar freagra ar na moltaí sonracha uile a áirítear sna moltaí maidir le hurscaoileadh agus sa rún maidir le hurscaoileadh.

[1] Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Bealtaine 2025 maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023, Roinn III – an Coimisiún, gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus an naoú, an deichiú agus an t-aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag (2024/2019(DEC)) – 2024/2019(DEC).

[2] Moladh ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023 (6179/24).

## 2. Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

Measann an Coimisiún go bhfuil sé ríthábhachtach faireachán a dhéanamh ar úsáid chistí an Aontais, i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta agus leis na comhpháirtithe cur chun feidhme.

### a. Caiteachas i gcomhréir le luachanna an Aontais, lena n- áirítear an smacht reachta

*An smacht reachta*

Tá an Coimisiún ag gníomhú ar iarraidh na Parlaiminte ‘chun cur chun feidhme docht agus tapa gach gné den sásra [Coinníollachta maidir leis an Smacht Reachta] a áirithiú i gcás ina sáraíonn na Ballstáit prionsabail an smachta reachta i gcás ina ndéanann sáruithe den sórt sin difear do leasanna airgeadais an Aontais, nó i gcás ina bhfuil baol ann go ndéanfaidh siad difear do leasanna airgeadais an Aontais’[3].

Rannchuidíonn an Coimisiún lena áirithiú go mbainfear úsáid iomlán agus éifeachtach as an **Rialachán maidir le Coinníollacht** chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta.

Mar shampla, tá an Ungáir faoi réir bearta faoin Rialachán maidir le Coinníollacht chun buiséad an Aontais a chosaint ó bhí 2022 ann, nuair a ghlac an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, dhá bheart: (i) fionraí ar 55 % de ghealltanais bhuiséadacha ó thrí chlár beartais chomhtháthaithe agus (ii) toirmeasc ar ghealltanais dhlíthiúla nua a dhéanamh le ‘Iontaobhais Leasa Phoiblí’ agus eintitis a choinníonn siad ar bun le haghaidh cistiú ón Aontas faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach.

An 13 Nollaig 2023, faoin nós imeachta a leagtar amach sa Rialachán maidir le Coinníollacht, rinne an Coimisiún athmheasúnú ar staid na hUngáire. Fuarthas amach inti gur fhan an riosca do bhuiséad an Aontais gan athrú ó bhí mhí na Nollag 2022 ann, agus nár cheart bearta na Comhairle a oiriúnú ná deireadh a chur leo. An chéad tráinse de ghealltanais a cuireadh ar fionraí le haghaidh 2022, ar thart ar EUR 1,04 billiún atá ann, chuaigh sé in éag i ndeireadh 2024 agus cailleadh é i gcás na hUngáire. Ar an gcaoi chéanna, caillfear an dara tráinse de thart ar EUR 1,1 billiún, a chomhfhreagraíonn do ghealltanais 2023, i gcás na hUngáire i ndeireadh 2025, mura gcuirfear deireadh leis an mbeart gaolmhar faoin am sin, agus leanfar leis sin gach bliain ar bhonn atrátha.

An 2 Nollaig 2024, thug an Ungáir fógra don Choimisiún go ndearna sí leasuithe reachtacha chun aghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí leasa ar bhoird iontaobhas leasa phoiblí. Mar sin féin, sa chinneadh uaidh an 16 Nollaig 2024, chinn an Coimisiún nach dtugann na leasuithe reachtacha ar tugadh fógra ina leith aghaidh leormhaith ar na hábhair imní atá fós gan réiteach. Dá bhrí sin, níor mhol an Coimisiún don Chomhairle aon bheart maidir le hiontaobhais leasa phoiblí agus eintitis a choinníonn siad ar bun a bhaint ná a oiriúnú. Leag an Coimisiún amach go soiléir na hoiriúnuithe a bheadh ag teastáil chun an cás a leigheas go leordhóthanach.

Leanann an Coimisiún d’fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí i ngach ceann de na 27 mBallstát faoin Rialachán maidir le Coinníollacht agus trína thuarascáil bhliantúil maidir leis an smacht reachta. Déantar gach cás a mheasúnú ina aonar, agus ní bheidh aon drogall ar an

[3] Féach mír 10 — 2024/2019(DEC).

gCoimisiún na bearta is gá a dhéanamh má chomhlíonann cás ar leith na critéir a leagtar amach sa Rialachán.

Chomh maith leis an Rialachán maidir le Coinníollacht, tá dhá ionstraim thábhachtacha eile ar fáil don Choimisiún a rannchuidíonn le buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta: (i) an coinníoll cumasúcháin cothrománach maidir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna; agus (ii) na garspriocanna agus na spriocanna lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin an smachta reachta faoi phleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta.

Leanfaidh an Coimisiún den tacar uirlisí sin agus d'aon ionstraim eile atá ar fáil dó a chur i bhfeidhm. Mar a léiríodh sa Teachtaireacht le déanaí maidir leis an mbealach chuig an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) eile, beidh urraim don smacht reachta fós ina choinníoll chun cistí ón Aontas a fháil, agus ba cheart coimircí láidre a bheith sa chéad CAI eile chun na críche sin.

*Luachanna an Aontais*

Tugann an Coimisiún dá aire go measann an Pharlaimint 'go bhfuil sé ríthábhachtach d'inchreidteacht an Aontais go n-áiritheoidh an Coimisiún nach leithdháilfear aon chiste ón Aontas ar dhaoine aonair ná ar eagraíochtaí atá nasctha le haon chineál gluaiseachtaí sceimhlitheoireachta nó le haon ghluaiseacht eile a léiríonn tuairimí antoisceacha, a ghríosaíonn foréigean agus/nó fuath, atá go díreach in aghaidh luachanna bunúsacha an Aontais Eorpaigh'.

Leis na leasuithe a rinneadh le déanaí ar an Rialachán Airgeadais, tugadh isteach forais shainráite faoin gCóras Luathbhraite agus Eisiaimh chun eintitis a eisiamh ó chistí an Aontais a fháil má fhaightear amach go bhfuil siad i mbun gníomhaíochtaí atá contrártha do luachanna an Aontais. Tríd an gCóras Luathbhraite agus Eisiaimh, is féidir leis an gCoimisiún eintitis a bhfuil baint acu le maoiniú sceimhlitheoireachta, cionta sceimhlitheoireachta nó cionta a bhaineann le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta a eisiamh ó chistiú ón Aontas a fháil.

A mhéid a bhaineann le cistiú do Ghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le Dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (UNRWA) go sonrach, ar a gcuireann an Pharlaimint in iúl ina rún maidir le hurscaoileadh, meabhraíonn an Coimisiún, i ndiaidh an ionsaithe sceimhlitheoireachta in Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023, go ndearna sé athbhreithniú ar a chúnamh airgeadais iomlán don Phalaistín, lena n-áirítear cláir le UNRWA.

Deimhníodh san athbhreithniú gur chomhlíon UNRWA a cheanglais dhlíthiúla i leith an Aontais, lena n-áirítear an ceanglas gan tacú le gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le maoiniú na sceimhlitheoireachta.

Le déanaí, mar a leagtar amach i ráiteas an 29 Eanáir 2024 ón gCoimisiún, gheall UNRWA (i) go bhféadfadh saineolaithe seachtracha neamhspleácha arna gceapadh ag an Aontas iniúchadh a dhéanamh; (ii) a Roinn Imscrúduithe Inmheánacha a neartú; agus (iii) athbhreithniú a dhéanamh ar fhoireann uile UNRWA chun a dheimhniú nár ghlac siad páirt sna hionsaithe. Chomhlíon UNRWA na gealltanais sin.

**b. Buiséad an Aontais a chosaint ar chalaoiseoirí**

*Taobh an ioncaim*

I dTuarascáil Bhliantúil 2023 uaithi, mar a rinneadh roimhe sin, thug Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) tuairim ghlan maidir le taobh an ioncaim de bhuiséad an Aontais, agus d’athdhearbhaigh sí cobhsaíocht agus cruinneas an bhailithe ioncaim ag an gCoimisiún. Ag meabhrú di na rioscaí do leasanna airgeadais an Aontais a bhaineann le rialuithe custaim neamhleora nó neamhéifeachtacha ar earraí allmhairithe, molann an Pharlaimint na hiarrachtaí atá déanta ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise a bhaineann le dleachtanna custaim agus CBL. Thairis sin, mhol an Coimisiún athchóiriú uaillmhianach ar an aontas custaim in 2023, atá á chaibidliú faoi láthair leis na comhreachtóirí. Trí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a bhunú a dhéanfaidh Mol Sonraí Custaim nua an Aontais a bhainistiú, éascóidh an t-athchóiriú seo luathbhrath na rioscaí a dhéanann difear do bhailiú dleachtanna custaim mar chuid de neartú foriomlán acmhainneacht bainistíochta riosca, anailíse agus rialaithe custaim an Aontais.

*Ollstruchtúr frithchalaoise*

Tá tús curtha leis an obair ullmhúcháin ar athbhreithniú ar ollstruchtúr frithchalaoise an Aontais. Tionóladh cruinniú tosaigh ardleibhéil an 14 Márta 2025, inar tugadh le chéile na príomhpháirtithe leasmhara: an Coimisiún, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), OLAF, CIE, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol). Bunaíodh meithleacha ar an leibhéal teicniúil. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Páipéar Bán a eisiúint, ina molfar na treochtaí ginearálta atá le taiscéaladh don athbhreithniú ar ollstruchtúr frithchalaoise an Aontais atá ar na bacáin.

*Atreisiú buiséadach OIPE agus OLAF*

Tugann an Coimisiún dá aire glao ón bParlaimint ‘go ndéanfaí acmhainneachtaí OIPE agus OLAF, chomh maith le comhar eatarthu, a neartú a thuilleadh agus go ndéanfar a n- inniúlachtaí a shainiú ar bhealach níos fearr’.

Bhí OIPE chun a mhéid iomlán a bhaint amach ar dtús le 115 bhall foirne in 2023, agus oibriú ina dhiaidh sin le foireann chobhsaí. Mar sin féin, méadaíodh foireann OIPE sa Lároifig go 307 in 2025. In 2024 agus 2025, fuair OIPE treisiúcháin bhreise chun rannpháirtíocht na Polainne agus na Sualainne a chur san áireamh, chun aghaidh a thabhairt ar thuarastal agus costais tithíochta atá ag dul i méid, agus chun neamhspleáchas iomlán a chórais TF ón gCoimisiún a bhaint amach.

D’ainneoin na srianta ar sholáthar foirne an Choimisiúin, a mbíonn tionchar acu ar OLAF freisin, foráiltear le buiséad OLAF 2025 do cheathrar ball foirne seachtrach breise chun faireachán a dhéanamh ar shreabhadh na gcistí chuig an Úcráin.

*An t- athbhreithniú ar an Rialachán Airgeadais maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise*

Ag tosú ó CAI tar éis 2027, neartóidh an Rialachán Airgeadais athbhreithnithe cosaint bhuiséad an Aontais, *inter alia*, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) raon feidhme an Chórais Luathbhraite agus Eisiaimh a leathnú chun bainistíocht chomhroinnte a áireamh, (ii) taifeadadh leictreonach caighdeánaithe agus stóráil sonraí maidir le faighteoirí chistiú an Aontais agus a n-úinéirí tairbhiúla a áirithiú i ngach modh bainistíochta i gcóras TF comhtháite aonair; agus (iii) uirlis mianadóireachta sonraí agus scórála riosca a ionchorprú sa

chóras TF comhtháite aonair sin – a mbeidh a húsáid deonach go dtí go ndéanfar athmheasúnú i ndeireadh CAI.

I measc na n-athruithe suntasacha eile ar an Rialachán Airgeadais, a bhfuil feidhm acu cheana ó bhí an 30 Meán Fómhair 2024 ann, tá an fhéidearthacht na heintitis seo a leanas a eisiamh ó chistiú ón Aontas a fháil: (i) úinéirí tairbhiúla eintiteas a chinntear a bheith i staid eisiaimh, (ii) eintitis a chuireann in aghaidh seiceálacha nó iniúchtaí arna ndéanamh ag OLAF, OIPE nó CIE, (iii) eintitis a ghríosaíonn idirdhealú, fuath nó foréigean nó a sháraíonn luachanna an Aontais, i gcás ina ndéanann gníomhaíochtaí den sórt sin difear diúltach d'fheidhmiú gealltanas dlíthiúil nó ina bhfuil an baol ann go ndéanfaidís difear dóibh.

### c. Earráidí caiteachais a theorannú

*Gníomhaíochtaí chun an leibhéal earráide a laghdú*

Tá an Coimisiún ag gníomhú ar iarrataí na Parlaiminte agus na Comhairle beart a dhéanamh chun an ráta earráide a laghdú. Mar a d'aithin an Pharlaimint, an Chomhairle agus CIE, tá castacht na mbealaí a eisíoctar cistí ina príomhthoisc taobh thiar den riosca earráide. Dá bhrí sin, tá gníomhaíocht á déanamh ag an gCoimisiún go háirithe chun rialacha caiteachais a shimpliú.

Maidir le **cistí an bheartais chomhtháthaithe**, bunaithe ar thorthaí agus ar mholtaí ó CIE agus ón bParlaimint, chomhaontaigh údaráis iniúchóireachta na mBallstát agus an Coimisiún i ndeireadh mhí na Nollag 2024 plean gníomhaíochta chun feabhas a chur ar acmhainneacht bhraite údaráis an chláir agus déanfaidh an Coimisiún obair leantach ar a chur chun feidhme. Rinne an Coimisiún athbhreithniú freisin ar a straitéis iniúchóireachta le haghaidh maoirseacht neartaithe ar an láthair ar obair na n-údarás iniúchóireachta don tréimhse 2021-2027. San am céanna, leanann an Coimisiún de **roghanna costais simplithe** agus **maoiniú nach bhfuil nasctha le costais** i gcláir 2021-2027 a chur chun cinn, ar roghanna agus maoiniú iad ar lú an seans go mbeadh earráidí iontu, agus de bheith ag déanamh iniúchtaí ar chláir agus réimsí (e.g. soláthar poiblí, Státchabhair) a mheastar a bheith ardriosca.

Leis an tsamhail seachadta do **chomhbheartas talmhaíochta** (CBT) 2023-2027, d'fhéadfaí simpliú a dhéanamh trí chead a thabhairt do na Ballstáit na hidirghabhálacha arna gcistiú ag an Aontas a dhearadh chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais thírshonracha, agus cuspóirí ar leibhéal an Aontais á mbaint amach san am céanna. Le CBT nua cothaítear freisin úsáid teicneolaíochtaí nua[4], ar cheart dóibh cuidiú le dul i ngleic le hearráidí. Ní chinnfidh an Coimisiún ráta earráide le haghaidh caiteachas talmhaíochta a thuilleadh, ós rud é go bhfuil sé bunaithe ar fheidhmíocht. Ina ionad sin, déanfaidh an Coimisiún caiteachas CBT a ghrúpáil i dtrí chatagóir riosca: íseal, meánach agus ard, bunaithe ar an measúnú ar fheidhmiú cuí na gcóras rialachais arna gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit. Go traidisiúnta, bíonn riosca íseal ag baint le caiteachas talmhaíochta agus níl aon léiriú ann go n-athródh sé sin leis an tsamhail nua seachadta do CBT.

[4] Mar shampla, ní mór do na Ballstáit Córas Faireacháin Limistéir a bhunú, a úsáideann sonraí satailíte fairtheoirí Copernicus chun faireachán a dhéanamh ar 100 % de na dáileachtaí talún dearbhaithe i bhfíor-am. Cuireann sé sin ar chumas feirmeoirí foláirimh a fháil aon uair nach ndearnadh gníomhaíocht nó cleachtas talmhaíochta riachtanach (fós). Ansin, is féidir leis na feirmeoirí an ceanglas a chomhlíonadh (más féidir fós) nó a gcur i bhfeidhm a leasú, rud a fhágann go bhfuil níos lú earráidí ann.

Maidir le **cistiú le haghaidh taighde agus nuálaíochta**, áirítear le Fís Eorpach úsáid níos mó a bhaint as foirmeacha simplithe cistithe, amhail cistiú tionscadail cnapshuime agus costais aonaid, rud a laghdaíonn go mór an t- ualach riaracháin ar thairbhithe, agus dá bhrí sin meastar go rannchuideoidh siad leis an ráta earráide a laghdú.

Ar deireadh, tá athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar a straitéis iniúchóireachta agus rialaithe don **Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI)** chun an ráta earráide foriomlán a laghdú, agus chun éifeachtúlacht a rialuithe a mhéadú. Ceann de phríomhtháirgí insoláthartha an athbhreithnithe sin is ea córas fhónta spriocdhírithe maidir le próifíl riosca a fhorbairt chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar an riosca earráide agus chun aghaidh a thabhairt air, ar leibhéal an tionscadail agus ar leibhéal an eintitis araon. Thairis sin, tugtar aghaidh san athbhreithniú freisin ar mhodheolaíocht na rialuithe *ex ante* agus *ex post* a chuirtear i bhfeidhm faoi ICFCI chun a n-acmhainneachtaí coisctheacha agus ceartaitheacha a mhéadú a thuilleadh, chomh maith le cruinneas na sonraí a ghintear don phróifíliú riosca a fheabhsú.

I ndáil leis an **tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA)**, tá córas láidir rialaithe agus iniúchóireachta curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún agus curtha in oiriúint aige i gcomhréir lena thaithí féin agus bunaithe ar thorthaí agus ar mholtaí ó CIE agus ón bParlaimint. Áiríodh leis sin an mhodheolaíocht maidir le hobair iniúchóireachta ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais a thabhairt cothrom le dáta, rialuithe ar chórais rialaithe inmheánaigh na mBallstát i réimse na Státchabhrach agus an tsoláthair phoiblí a threisiú, agus comhar laistigh den Choimisiún a neartú.

*Malartuithe idir an Coimisiún agus CIE maidir leis an leibhéal earráide*

Tugann an Coimisiún dá aire freisin go n-iarrtar sa rún maidir le hurscaoileadh ar an gCoimisiún agus ar CIE 'réiteach a fháil ar na cuir chuige éagsúla roimh urscaoileadh 2024' agus 'leanúint de bheith i dteagmháil leis an gCúirt chun tuiscint, cóineasú agus inchomparáideacht an dá chur chuige a mhéadú maidir leis na meastacháin éagsúla ar earráidí i gcaiteachas an Aontais'.

Tá sé dúshlánach modheolaíochtaí a ailíniú go hiomlán idir CIE agus an Coimisiún mar gheall ar róil agus misin ar leith na n-institiúidí. Mar sin féin, is gá don dá institiúid na difríochtaí a thuiscint. Chuige sin, d'eagraigh seirbhísí an Choimisiúin agus CIE sraith **ceardlann teicniúil** i mí an Mhárta 2025 chun comhthuiscint ar na modheolaíochtaí faoi seach a chothú agus chun iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar chórais bhainistíochta agus rialaithe an Choimisiúin. Mar obair leantach ar na ceardlanna sin, tá plean gníomhaíochta inmheánach á fhorbairt ag an gCoimisiún faoi láthair a bhfuil sé d'aidhm aige an riosca earráidí i gcaiteachas an Aontais faoi CAI a laghdú agus comhthuiscint a chothú le CIE chun an leibhéal earráide a chinneadh. Mar shampla, a mhéid a bhaineann le caiteachas an bheartais comhtháthaithe, chomhaontaigh an Coimisiún agus CIE tuilleadh cruinnithe teicniúla a thionól in 2025 chun ailíniú a dhéanamh ar chainníochtú earráidí sa soláthar poiblí.

Leanann an Coimisiún de bheith i dteagmháil le CIE freisin chun aghaidh a thabhairt ar na difríochtaí i dtuairimí agus i léirmhínithe i ndáil leis an STA. Shoiléirigh sé oibríochtú na gcoinníollacha incháilitheachta agus coincheap an chistithe dhúbailte faoin STA a thuilleadh.

Aontaíonn an Coimisiún le mian na Comhairle gan 'rialacha nua nó coinníollacha níos sriantaí arna bhforchur ar na Ballstáit *ex post*[5]' a thabhairt isteach, agus tugann sé dá aire go gcruthófaí saincheisteanna nua dlíthiúla agus praiticiúla do na Ballstáit dá n-athrófaí treoraíocht maidir le léirmhíniú coincheap dlíthiúil leath bealaigh trí chur chun feidhme na hionstraime.

### 3. Feidhmíocht bhuiséad an Aontais agus tionchar STA

Tugann an Coimisiún dá aire an iarraidh ón gComhairle 'leanúint den mheasúnú ar fheidhmíocht bhuiséad an Aontais, ar tomhas é ar an bhfíorluach a sholáthraítear do shaoránaigh an Aontais' agus 'i gcás inarb infheidhme, an fócas ar tháscairí feidhmíochta bunaithe ar thorthaí ar féidir iad a nascadh go díreach le gníomhaíochtaí an Aontais a mhéadú'[6].

Tá an Coimisiún lántiomanta a chinntiú go gcaithfear gach euro ó bhuiséad an Aontais go maith, i gcomhréir leis na rialacha agus ar mhaithe le pobal na hEorpa.

Déantar faireachán bliantúil ar fheidhmíocht trí na 'ráitis maidir le feidhmíocht na gclár'. Tá siad sin mar chuid den Tuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta, lena n-áirítear croítháscairí feidhmíochta 2021-2027 de réir clár caiteachais. Tá 45 % de na táscairí sin bunaithe ar thorthaí, rud a léiríonn béim láidir ar thorthaí.

I mí na Nollag 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún an dara tuarascáil tionchair maidir le bannaí glasa Next Generation EU (NGEU), inar tomhaiseadh tionchar nithiúil na n-infheistíochtaí cistithe ar an aeráid i dtéarmaí astaíochtaí gás ceaptha teasa a seachnaíodh.

Le samhail seachadta STA, cuirtear dreasachtaí soiléire ar fáil do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin struchtúracha sheanbhunaithe.

Mar thoradh ar thacaíocht dhíreach airgeadais a chur ar fáil chun athchóirithe a chur chun feidhme, cuireadh dlús le cur chun feidhme na Moltaí Tírshonracha a eisíonn an Chomhairle gach bliain do gach Ballstát. Ar an iomlán, baintear amach leibhéal níos airde cur chun feidhme Moltaí Tírshonracha níos tapúla ó bunaíodh an STA.

Mar shampla, i réimse na fostaíochta, mar a thug CIE chun críche[7], tá athchóirithe i mbeagnach gach plean téarnaimh agus athléimneachta lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin struchtúracha i margaí saothair na mBallstát. Ina theannta sin, cuidíonn go leor athchóirithe i réimsí eile (e.g. oideachas) le fostaíocht ardcháilíochta, forbairt scileanna, agus cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun cinn.

Le garspriocanna agus spriocanna, mar thomhas ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme na mbeart sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, tugtar forléargas an-ghráinneach freisin ar fheidhmíocht na mBallstát le linn shaolré STA.

Tugann an Coimisiún dá aire go cuí tuairim na Parlaiminte 'go n-éilítear le haon aistriú chuig cur chuige feidhmíochtbhunaithe atá bunaithe ar STA mar shamhail aghaidh a thabhairt ar an

[5] Féach mír 11.4 den mholadh ón gComhairle maidir le hurscaoileadh.
[6] Féach mír 5 den mholadh ón gComhairle maidir le hurscaoileadh.
[7] Tuarascáil Speisialta 10/2025, mír 20

iliomad saincheisteanna a sainaithníodh ina chur chun feidhme, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar shonraí maidir lena thionchar iomlán, sula n-úsáidfear samhail den sórt sin'[8].

Sa mheastóireacht mheántéarma[9] ar an STA, leagadh béim ar réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu, lena n-áirítear rannpháirtíocht neamhleor na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, nó dúshláin maidir le cothromaíocht a bhaint amach idir garspriocanna agus spriocanna mionsonraithe agus solúbthacht sa chur chun feidhme. Agus an Coimisiún ag ullmhú don chéad CAI eile, tá ceachtanna á bhfoghlaim aige ón STA agus ó chláir eile, agus dea-chleachtais agus réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu á sainaithint aige chun bonn eolais a chur faoina chur chuige amach anseo.

## 4. Trédhearcacht chistiú an Aontais

Is treoirphrionsabal í an **trédhearcacht** i mbainistiú bhuiséad an Aontais. Mar shampla, áirítear sa Chóras Trédhearcachta Airgeadais (FTS) inniu an fhéidearthacht faisnéis a chuardach maidir le gach cineál faighteoirí atá faoi bhainistíocht dhíreach. Tá cuspóirí agus torthaí na dtionscadal le fáil ar Thairseach 'Cistiú agus Tairiscintí' an Aontais. A bhuí leis an athbhreithniú ar an Rialachán Airgeadais, leathnófar tiomantas an Choimisiúin don trédhearcacht leis an gcéad CAI eile. Tá sé beartaithe go mbeidh Córas Trédhearcachta Airgeadais ina phointe tagartha lárnach, agus foilseofar faisnéis faoi fhaighteoirí **i ngach modh bainistíochta**.

Maidir le cistiú d'eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna), tugann an Pharlaimint dá haire go léirítear i dtuarascáil CIE le déanaí maidir le trédhearcacht chistiú an Aontais a deonaíodh d'ENRanna, cé go gcomhlíonann an Coimisiún na hoibleagáidí dlíthiúla uile maidir le trédhearcacht go hiomlán[10], go bhféadfaí tuilleadh feabhais a chur uirthi. Déanfaidh an Coimisiún obair leantach ar thuarascáil CIE, mar a leagtar amach sna freagraí ón gCoimisiún.

D'aithin an Coimisiún gur áiríodh i roinnt cláir oibre a chuir tairbhithe isteach agus a cuireadh i gceangal le comhaontuithe deontais oibriúcháin gníomhaíochtaí abhcóideachta sonracha agus gníomhaíochtaí brústocaireachta lena mbaineann riosca clú don Aontas. Cé gur thángthas ar an gconclúid in anailís dhlíthiúil an Choimisiúin ar na comhaontuithe nach raibh aon sárú déanta ag na heintitis lena mbaineann ar na hoibleagáidí conarthacha ná ar na hoibleagáidí maidir leis an gCód Iompair, d'eisigh an Coimisiún treoraíocht inmheánach i mí na Bealtaine 2024 chun aghaidh a thabhairt ar aon riosca do chlú an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann. Thug an Coimisiún a ghlao samplach ar thograí cothrom le dáta freisin chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh tionscadail amach anseo an treoraíocht sin. Thairis sin, d'ainneoin nach bhfuil ceanglas dlíthiúil ann faisnéis a nochtadh faoi ghníomhaíochtaí abhcóideachta a chistítear trí dheontais oibriúcháin[11], cuireann an Coimisiún trédhearcacht chun cinn a thuilleadh trí chuspóirí agus torthaí tionscadal cistithe a chomhroinnt go réamhghníomhach ar Thairseach 'Cistiú agus Tairiscintí' an Aontais. Ar deireadh, ionadaithe leasa a chláraíonn sa **Chlár Trédhearcachta** mar ionadaithe nach ndéanann ionadaíocht do leasanna tráchtála, ar ionadaithe iad a mbeadh ENRanna san áireamh iontu de ghnáth, ní mór dóibh a

[8] Féach mír 11 — 2024/2019(DEC).
[9] Meastóireacht mheántéarma ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta - SWD(2024) 70 final
[10] Féach mír 23 — 2024/2019(DEC).
[11] Maidir le faisnéis faoi fhaighteoirí a fhoilsiú féach Airteagal 38 den Rialachán Airgeadais.

ngníomhaíochtaí brústocaireachta a thuairisciú agus a bpríomhfhoinse chistiúcháin agus méid gach ranníocaíochta os cionn EUR 10,000 agus is mó ná 10 % dá mbuiséad iomlán agus ainm an ranníocóir a dhearbhú nuair a chláraíonn siad sa Chlár Trédhearcachta.

I gclár oibre ilbhliantúil 2025-2027 le haghaidh LIFE, chuir an Coimisiún coimircí breise san áireamh chun a áirithiú nach n-éilíonn deontais oibriúcháin gníomhaíochtaí sonracha mionsonraithe a dhíríonn go díreach ar institiúidí den Aontas Eorpach nó ar a mbaill foirne nó ar a gcomhaltaí, agus lena soiléirítear go gcoinníonn tairbhithe freagracht iomlán as a dtuairimí. I ráiteas a foilsíodh an 1 Aibreán 2025[12], gheall an Coimisiún go ndéanfadh sé athbhreithniú ar na socruithe trédhearcachta agus ar na ceanglais maidir le nochtadh do thairbhithe faoi chlár trédhearcachta an Aontais. Tá an Coimisiún tiomanta freisin a áirithiú go mbeidh comhaltaí choiste meastóireachta LIFE neamhspleách agus saor ó choinbhleachtaí leasa. Tá sé éigeantach do na comhaltaí dearbhuithe a shíniú maidir le heaspa coinbhleachta leasa sula rachfar i ngleic leis an measúnú ar thograí, agus tá bearta maolaithe i bhfeidhm i gcás ina sainaithnítear coinbhleachtaí leasa. Déanfaidh an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA) athbhreithniú ar an nós imeachta roghnúcháin do chomhaltaí choiste meastóireachta LIFE agus cuirfidh sí chun feidhme aon chéim is gá chun trédhearcacht iomlán a áirithiú.

Tá tacaíocht do ghníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt beartas agus cur chun feidhme beartas fós ina cuspóir tábhachtach agus ina cuspóir dlisteanach cistiúcháin, i gcomhréir leis na Rialacháin lena rialaítear cláir chistiúcháin áirithe de chuid an Aontais arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle. Áirítear leis sin feabhas a chur ar rannpháirtíocht eagraíochtaí iolraíocha sochaí sibhialta.

Aithníonn an Coimisiún freisin an iarraidh ón bParlaimint 'torthaí an scagtha ar chomhaontuithe deontais agus ar chonarthaí eile a chur ar fáil don údarás um urscaoileadh' agus déanfaidh sé obair leantach ar an iarraidh sin[13].

Ar deireadh, tugtar isteach leis an Rialachán Airgeadais athbhreithnithe (i) **oibleagáid ar na hiarratasóirí deontais (faoi bhainistíocht dhíreach) a dhearbhú an ENR iad** agus (ii) **sainmhíniú ar ENR**.

Maidir le **trédhearcacht faoin STA**, ní mór do na Ballstáit tuairisciú ar an 100 faighteoir deiridh a fhaigheann an méid is airde cistiúcháin chun bearta faoin tSaoráid a chur chun feidhme. D'fhoilsigh an Coimisiún treoraíocht bhreise mar iarscríbhinn a ghabhann lena Thuarascáil Bhliantúil STA 2024 agus mheabhraigh sé do na Ballstáit a n-oibleagáidí. Tar éis iarraidh na Parlaiminte, i gcomhthéacs urscaoileadh 2023, d'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit liosta d'ainmneacha '100 eintiteas deiridh nó duine nádúrtha a fuair na méideanna is mó cistí faoi STA', lena n-áirítear conraitheoirí agus fochonraitheoirí. Go dtí seo [Meitheamh 2025], fuair an Coimisiún liostaí ó shé Bhallstát agus chuir sé ar fáil don Pharlaimint iad.

## 5. Gníomhaíochtaí iasachtaíochta an Choimisiúin agus acmhainní dílse nua

Tugann an Coimisiún dá aire imní na Parlaiminte maidir le leibhéal an fhiachais gan íoc ó ghníomhaíochtaí iasachtaíochta agus na leochaileachtaí maidir le rátaí úis a dhéanann difear

[12] Ráiteas ón gCoimisiún maidir le Clár LIFE.

[13] Féach mír 21 — 2024/2019(DEC).

don ualach fiachais[14]. Ó bhí 2020 ann, tá an Coimisiún tar éis a láithreacht ar mhargaí caipitil idirnáisiúnta a athrú ó bhonn, rud a fhágann go bhfuil an tAontas '**ar cheann de na heisitheoirí fiachais is mó san Eoraip'**, mar a chuireann an Pharlaimint in iúl go cuí. Tá meascán de straitéisí iasachtaíochta gearrthéarmacha agus fadtéarmacha á n-úsáid ag an gCoimisiún chun rátaí úis agus amlínte aisíocaíochta a bhainistiú go héifeachtach. Áirítear leis sin aibíochtaí éagsúla bannaí a eisiúint, rud a chuidíonn le hoibleagáidí aisíocaíochta a scaipeadh le himeacht ama. Cuirtear síneadh leis an amlíne chun fiachas a aisíoc faoi NGEU go dtí 2058, rud a thugann amlíne fhadaithe don Aontas chun aisíocaíochtaí a bhainistiú gan cur isteach suntasach a bheith ann ná an chobhsaíocht airgeadais a chur i mbaol.

Chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar na rioscaí airgeadais a bhaineann le gníomhaíochtaí iasachtaíochta an Choimisiúin agus le nochtadh ar bhuiséad an Aontais, cuireadh síneadh le ról an **Phríomhoifigigh Riosca** neamhspleách i mí Feabhra 2025 chun formhaoirseacht ar oibríochtaí airgeadais agus sócmhainní airgeadais uile an Aontais atá faoi bhainistíocht a chur san áireamh. I gcomhréir leis na dea-chleachtais san earnáil airgeadais, gníomhaíonn an Príomhoifigeach Riosca – in éineacht le 'aonad bainistíochta riosca' nuachruthaithe – anois mar an dara líne chosanta ar an leibhéal corparáideach don mheasúnú riosca airgeadais ar oibríochtaí airgeadais, agus é go hiomlán neamhspleách ar an gcéad líne[15].

Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil 'dul chun cinn tapa maidir le hacmhainní dílse nua fíor-riachtanach'. In 2023, thíolaic an Coimisiún pacáiste tograí lena leasaítear togra 2021 atá cuimsitheach, a thugann ioncam leordhóthanach, a íoslaghdaíonn an t-ualach breise ar bhuiséid na mBallstát agus is féidir a chur chun feidhme go tapa. Tá an Coimisiún ag obair freisin ar thograí eile. Beidh gá le toil pholaitiúil agus rannpháirtíocht ó gach taobh chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach.

## 6. Gealltanais bhuiséadacha le híoc – *reste à liquider* (RAL) agus bearta chun dlús a chur le cur chun feidhme chistí an Aontais

Tugann an Coimisiún dá aire, sa rún maidir le hurscaoileadh, go gcuireann an Pharlaimint in iúl arís 'gur cúis mhór imní di go bhfuil na gealltanais charntha le híoc (RAL — *reste à liquider*) tar éis an leibhéal is airde riamh de EUR 543 bhilliún [...] a bhaint amach i ndeireadh 2023'[16].

Is éard is **gealltanais le híoc** ann méideanna a gealladh ach nár íocadh go fóill.

Rannchuidigh an chuid neamh-inaisíoctha **NGEU** EUR 238.6 billiún, ba é sin beagnach 44 % den RAL iomlán, a gcuirtear an chuid is mó de trí STA. I ndáil leis an méid sin, tacaíonn an Coimisiún leis na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta chun feidhme go tapa agus go héifeachtach gan a n-uaillmhianta a ísliú ná bearta criticiúla a lagú. I gcás nach féidir bearta a bhaint amach mar gheall ar imthosca oibiachtúla, féadfaidh na Ballstáit athbhreithnithe ar a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a iarraidh chun aghaidh a thabhairt ar scrogaill cur chun feidhme. Féadfaidh na Ballstáit iarratais ar íocaíocht a chur isteach freisin mura gcomhlíontar ach cuid de na garspriocanna agus na spriocanna, rud a chuirfidh ar chumas na mBallstát eisíocaíochtaí

[14] Féach mír 8 — 2024/2019(DEC).

[15] Is éard atá sa chéad líne chosanta ranna an Choimisiúin a bhainistíonn oibríochtaí iasachtaíochta, iasachtaithe agus bainistíochta sócmhainní an Aontais chomh maith le ráthaíochtaí buiséadacha;

[16] Féach mír 7 — 2024/2019(DEC).

páirteacha a fháil a chomhfhreagraíonn do na garspriocanna agus na spriocanna atá curtha chun feidhme cheana féin. Cuireann sé sin freisin le cur chun feidhme tapa an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Ina Theachtaireacht dar teideal *NextGenerationEU - The road to 2026* [*Next Generation EU* - An Bóthar go 2026] a glacadh an 4 Meitheamh 2025, cuireann an Coimisiún treoraíocht ar fáil do na Ballstáit chun a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a athbhreithniú agus a chuíchóiriú i bhfianaise spriocdháta 2026 atá ag druidim linn. Molann an Coimisiún do na Ballstáit garspriocanna agus spriocanna a bhaint dá bpleananna téarnaimh agus athléimneachta nach féidir a chur chun feidhme faoi spriocdháta an 31 Lúnasa 2026 agus molann sé roghanna atá ann cheana agus roghanna nua chun cur chun feidhme a éascú.

Eascraíonn thart ar leath den **RAL a bhí nasctha le cláir CAI** i ndeireadh 2023 as an mbeartas comhtháthaithe, agus, dá réir sin, as cur chun feidhme cistí ag na Ballstáit faoi bhainistíocht chomhroinnte.

Ós rud é go sroicheann an leibhéal roghnúcháin tionscadal ar an láthair thart ar leath de na himchlúdaigh atá ar fáil do chláir chomhtháthaithe 2021-2027, tuartar freisin go mbainfidh an cur chun feidhme airgeadais luas cúrsála amach sa ghearrthéarma.

An 1 Aibreán 2025, ghlac an Coimisiún an togra reachtach maidir leis an **athbhreithniú meántéarma ar an mbeartas comhtháthaithe** chun tosaíochtaí infheistíochta a ailíniú leis an gcomhthéacs eacnamaíoch, sochaíoch agus geopholaitiúil atá ag teacht chun cinn agus leis na cuspóirí aeráide agus comhshaoil níos uaillmhianaí. Tugtar isteach leis níos mó solúbthachta agus dreasachtaí (amhail ráta cómhaoinithe 100 % chun tús áite a thabhairt d’infheistíochtaí i dtithíocht, athléimneacht uisce, aistriú fuinnimh, iomaíochas agus cosaint) chun imscaradh tapa acmhainní sna tosaíochtaí treisithe sin a éascú, rud a chuirfidh dlús breise le hionsú.

An 22 Aibreán 2025, ghlac an Coimisiún **leasuithe spriocdhírithe nua ar chláir chistiúcháin an Aontais** atá ann cheana chun tacú le hinfheistíochtaí níos tapúla, níos solúbtha agus níos comhordaithe i mbonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta na hEorpa. Leis na leasuithe spriocdhírithe, leathnófar go háirithe raon feidhme an **Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)** chun teicneolaíochtaí agus táirgí a bhaineann le cosaint a chumhdach. Leis na tograí reachtacha sin, má chomhaontaíonn na comhreachtóirí iad, cuirfear dlús freisin le cur chun feidhme chistí an Aontais.

Leanfaidh an Coimisiún d’fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme leibhéal foriomlán na ngealltanas le híoc. Leanfaidh sé freisin de leibhéil leithreasuithe íocaíochta a mholadh a fhreastalóidh go leordhóthanach ar riachtanais íocaíochta le linn na nósanna imeachta buiséadacha bliantúla

## 7. Ag féachaint chun cinn

I mí Iúil 2025, tíolacfaidh an Coimisiún a thogra le haghaidh an chéad CAI eile.

Cuirfear san áireamh sa togra sin na moltaí ón bParlaimint, ón gComhairle agus ó CIE i gcomhthéacs an urscaoilte.

Tá bac ar bhuiséad an Aontais faoi láthair, ina bhfuil níos mó ná 50 clár caiteachais agus go leor rialacha agus critéar, mar gheall ar chastacht, rud a mhéadaíonn an baol go mbeidh forluí ann, a laghdaíonn trédhearcacht, agus a mbíonn bearnaí sa chistiú le haghaidh tosaíochtaí trasearnálacha mar thoradh air. Fágann an chastacht sin freisin go bhfuil sé deacair do

thairbhithe, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, a mbealach a dhéanamh trí chistí an Aontais agus rochtain a fháil orthu, agus d'fhéadfadh earráidí caiteachais a bheith mar thoradh uirthi.

Le buiséad níos simplí de chuid an Aontais, d'éascófaí rochtain do na tairbhithe uile, mhéadófaí luas agus cáilíocht an chur chun feidhme, agus chuirfí feabhas ar rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara.

Tríd an mór-réimse airgeadais a chuíchóiriú, deireadh a chur le forluí, agus tairseach aonair do chistiú ón Aontas a thairiscint do thairbhithe, is féidir an t-ualach riaracháin, na moilleanna agus na hearráidí a laghdú go mór. Ar deireadh, cuirfidh sé sin feabhas ar an gcaoi a gcaitear buiséad an Aontais agus beidh sé níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla maidir lena chuspóirí a bhaint amach.

* * *